



Fís Straitéiseach dár nEastát Foraoisí sa Todhchaí




Fís Straitéiseach Choillte

Ní raibh foraoisí riamh chomh tábhachtach. Cabhraíonn siad le dul i ngleic le hathrú aeráide, soláthraíonn siad táirgí adhmaid inbhuanaithe chun cabhrú lenár dtithe a thógáil, soláthraíonn siad gnáthóga luachmhara dár bhfiadhúlra, agus cuireann siad áiteanna ar fáil do dhaoine le cuairt a thabhairt orthu agus taitneamh a bhaint astu a chuireann lenár sláinte agus lenár bhfolláine. Tá ról lárnach ag Coillte, mar chuideachta foraoiseachta stáit na hÉireann, maidir le múnú a dhéanamh ar thodhchaí na foraoiseachta in Éirinn.

An Cuspóir atá againn ná na foraoisí stáit a bhainistiú ar son mhuintir na hÉireann. **An Misean** atá againn ná tairbhí iolracha ár bhforaoisí a sheachadadh don tsochaí. **An Fhís** atá againn ná todhchaí inbhuanaithe a sholáthar do chách. Tá inbhuanaitheacht airgeadais Choillte mar bhonn agus mar thaca ag ár gcumas ár gcuspóir, agus ár misean nua agus ár bhfís a sheachadadh.

Tugann ár bhfís straitéiseach nua dár n-eastát foraoise chun tairbhí iolracha a sheachadadh ónár bhforaoisí, níos mó béime ar ghníomhú aeráide, ag leagan síos spriocanna uailmhianacha nua ar bithéagsúlacht agus ar áineas, agus ag leanúint ar aghaidh ag seachadadh don tionscal foraoise agus táirgí adhmaid. Treorófar fíorú ár bhfíse trí theacht ar chothromaíocht idir thairbhí iolracha na bhforaoisí ina mbeidh aeráid, dúlra, adhmaid agus daoine mar chuspóirí agus chuige sin déanfaimid na nithe seo:

Foraoisí don aeráid



- Foraoisí nua a chruthú a shlogfaidh níos mó carbóin
- Bainistiú a dhéanamh ar ár n-eastáit chun an stóráil charbóin a mhéadú
- Foraoisí portaigh a athdhearadh chun cothromaíocht charbóin a fheabhsú
- Fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint chun tithe a chumhachtú



Foraoisí don dúlra



- An limistéar a bhainistítear go príomha le haghaidh bithéagsúlachta a mhéadú
- An luach bithéagsúlachta reatha a fheabhsú agus a athchóiriú
- Ceantair dár n-eastát a athrú chun gnáthóga nua a chruthú



Foraoisí don adhmaid



- Soláthar inbhuanaithe adhmaid deimhnithe a sholáthar
- Úsáid mhéadaithe táirgí adhmaid a chur chun cinn
- Táirgí nua nuálacha adhmaid ardluacha a fhorbairt



Foraoisí do dhaoine



- Níos mó limistéar áineasa a sholáthar chun leas na folláine
- Cinn scríbe cuairteoirí den scoth a chumasú don turasóireacht
- Poist nua a chruthú i bpobail tuaithe



Is é cuspóir an doiciméid seo ná breac-chuntas a thabhairt ar ár bhfís straitéiseach agus ár n-uailmhianta faoi chuspóirí na bhforaoisí don aeráid, don dúlra, don adhmaid agus do dhaoine. Ba mhaith linn anois do thuairimí a fháil chun cabhrú leis an bhfís seo a mhúnú.

Brollach

Aithnítear an éigeandáil aeráide mar an dúshlán is mó atá romhainn mar shochaí. Tá géarghá le go mbainfidh Éire amach spriocanna gníomhaíochta aeráide sínte agus tá ról tábhachtach ag earnáil foraoiseachta na hÉireann agus Coillte i mbaint amach na spriocanna seo.

Tá ár bhfís straitéiseach nua agus uailmhianach dár bhforaoisí fréamhaithe san eolaíocht agus tá sé mar aidhm aici cothromaíocht inbhuanaithe a dhéanamh agus buntáistí iolracha fhoraoisí stáit na hÉireann a sheachadadh thar cheithre chuspóir straitéiseacha: **aeráid, dúlra, adhmaid, agus daoine.**

Is iad ár n-uailmhianta foraoisí nua a chruthú agus na foraoisí atá againn faoi láthair a bhainistiú chun cur lena gcumas carbón a ghabháil, níos mó gnáthóg a sholáthar chun bithéagsúlacht a fheabhsú, táirgí adhmaid inbhuanaithe Éireannacha a sholáthar chun tacú le cruthú tithe nua, agus spásanna áineasa níos dochreidte a chruthú ionas go mbainfidh an sochaí agus turasóirí taitneamh astu.

Tá comhairliúchán tábhachtach maidir le forbairt ár straitéise nua. Mar thoradh air sin, táimid ag lorg aiseolais anois ar ár bhfís straitéiseach chun a chinntiú go bhfuil sé ag teacht le riachtanais shochaí na hÉireann. Beidh an próiseas comhairliúcháin seo mar bhonn eolais le forbairt plean straitéiseach don eastát foraoise amach anseo a fhorbrófar sna míonna amach romhainn.

Ní raibh an fhoraoiseacht agus Coillte riamh chomh hábhartha i dtéarmaí dúshlán ár linne. Táimid dírithe ar an gothromaíocht is fearr is féidir a sheachadadh trasna ar na buntáistí iomadúla a bhaineann le foraoiseacht agus a chinntiú, ag obair le chéile, go bhfuilimid ag seachadadh todhchaí níos glaise do chách - todhchaí ar féidir linn go léir a bheith ag tnúth leis agus ceann ar féidir linn go léir taitneamh a bhaint as.

Imelda Hurley
Príomhfheidhmeannach



Clár Ábhar

leathanach

Fís Straitéiseach Coillte	2
Brollach	3
Réamhrá	5
An Gá atá le hAthrú	10
Ár gCur Chuige	13
Foraoisí don Aeráid	18
Foraoisí don Dúlra	24
Foraoisí don Adhmad	29
Foraoisí do Dhaoine	34
Ár nUaillmhianta	38
Na Chéad Chéimeanna Eile	40
Tagairtí	41

Réamhrá

Maidir Linne

Is é Coillte an chuideachta foraoise is mó in Éirinn agus tá ról lárnach aige i dtáirgeadh táirgí adhmaid a fhástar go hinbhuanaithe, ag cosaint agus ag feabhsú na bithéagsúlachta, ag dul i ngleic le hathrú aeráide, agus ag cur le geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de.

Bunaíodh Coillte mar chuideachta thráchtála leathstáit i 1989 le heastát thart ar 396,000 heicteár. Sa lá atá inniu ann déanaimid bainistiú ar thart ar 440,000 heicteár talún, arb ionann é agus 7% d'achar iomlán talún na tíre.

Is ionann an t-eastát agus thart ar leath d'fhoraoisí na hÉireann agus tá sé comhdhéanta de thairgí éagsúil de ghnáthóga éagsúla, ó fhoraoisí buaircíneacha agus foraoisí measctha nó leathanduilleacha, go portaigh ardtalún oscailte agus fraochmhánna, go locha agus aibhneacha. Le 30 bliain anuas, tá raon leathan tairbhí curtha ar fáil ag Coillte don tsochaí lena n-áirítear táirgí adhmaid, áineas, bithéagsúlacht, seirbhísí comhshaoil, agus bonneagar ríthábhachtach mar teileachumarsáid agus fuinneamh gaoithe.

Tacaíonn an earnáil foraoiseachta le thart ar 9,000¹ post díreach, faoin tuath in Éirinn den chuid is mó. Tá gnó foraoiseachta Choillte mar thaca d'earnáil táirgí foraoise atá faoi cheannas onnmhairithe faoi bhláth a thacaíonn le timpeall €2.3 billiún de ghníomhaíocht eacnamaíoch in aghaidh na bliana, cé go bhfuil an clúdach foraoise is ísle san Eoraip ag díreach 11% i gcomparáid le meán Eorpach de níos mó ná 40%. Fostaíonn Coillte 840 ball foirne agus thart ar 1,200 conraitheoir díreach ar fud na hÉireann, agus cuimsíonn sé réimsí gnó ar leith (Foraoiseacht, Réitigh Talún, Coillte Nature, agus MEDITE SMARTPLY) a oibríonn lenár gcomhpháirtithe agus ár ngeallsealbhóirí chun tairbhí iolracha a sheachadadh don tsochaí.



Foraoisí Choillte

Fásann Coillte foraoisí go hinbhuanaithe chun tairbhí iolracha a sholáthar don tsochaí, lena n-áirítear táirgeadh adhmaid agus táirgí adhmaid ardchaighdeáin. Tá buntáiste iomaíoch ag Éirinn maidir le crainn a fhás, mar ciallaíonn ár n-aeráid éadrom gur féidir le speicis áirithe buaircíneacha aibíocht a bhaint amach i gceann 35 bliain, ach go dtógfaidh sé seo suas le 100 bliain i lár agus i dtuaisceart na hEorpa.

Is tráchtearra luachmhar é adhmaid agus úsáidtear é i dtógáil ár dtithe, pailléid chun earraí agus ábhair a bhogadh, fálú agus táirgí stíl mhaireachtála dár ghairdíní agus ár bhfeirmeacha, agus freisin chun táirgí cláir painéil nuálaíoch a mhonarú mar OSB agus MDF a bhfuil raon leathan de úsáidí. Tá úsáid adhmaid Éireannach agus táirgí adhmaid-bhunaithe le haghaidh tógála ina ionadaí atá tíosach ar aeráid agus inbhuanaithe ar ghnáththáirgí carbóin-dian, mar choincréit agus cruach.

Is é Coillte an príomhsholáthraí de ghníomhaíochtaí áineasa allamuigh, le breis agus 6,000 réadmhaoin foraoise ar fud na hÉireann, 3,000 km de chonairí marcáilte, 12 pháirc foraoise, 6 chonair rothair sléibhe, agus 260 láithreán áineasa. Gach bliain tugtar breis agus 29 milliún cuairt¹ ar fhoraoisí ar fud na tíre. Tá caitheamh aimsire foraoise an-tábhachtach d'fholláine daoine, agus cuidíonn clár 'Coillte ar son na Sláinte' de chuid Choillte chun tacaíocht mheabhairshláinte a sholáthar.

Tá creidiúnú ón gComhairle Maoirseachta Foraoise (FSC®) agus ón gClár um Fhormhuiniú Deimhnithe Foraoise (PEFC™) ag ár n-eastát foraoiseachta, a dheimhníonn go bhfuil ár bhforaoisí á mbainistiú go hinbhuanaithe.

Déantar breis is 90,000 heicteár dár n-eastát (c. 20%) a bhainistiú don bithéagsúlacht go príomha. Tá na ceantair bithéagsúlachta seo le fáil ar fud an eastáit agus cuimsítear iontu raon leathan gnáthóg a bhfuil luach ard bithéagsúlachta ag baint leo lena n-áirítear foraoisí dhúchasach, foraoisí measctha, bratphortach, portach ardaíthe, fraochmhánna fliuch agus tirim. Tá cur chuige eolaíoch-bhunaithe forbartha ag Coillte ar a dtugtar 'Bith-Rang', a rangaíonn luach éiceolaíoch na gceantar bithéagsúlachta inár n-eastát. Ligeann sé seo do Choillte pleananna éiceolaíochta agus foraoiseolaíochta a fhorbairt chun na láithreáin seo a fheabhsú agus/nó a athchóiriú chun a luach bithéagsúlachta a fheabhsú.

Réitigh Talún

Is é Réitigh Talún ár ngnó forbartha sócmhainní a sholáthraíonn réitigh tráchtála nuálacha chun tacú le tionscail lena n-áirítear fuinneamh in-athnuaite, tithíocht, cúram sláinte, oideachas, forbairt bonneagair, uisce agus turasóireacht.

Cuidíonn Réitigh Talún freisin le forbairtí áineasa suntasacha a sheachadadh, mar shampla Centre Parcs i gCo. an Longfoirt. Chruthaigh forbairt an láithreáin seo 750 post le linn na tógála agus os cionn 1,000 post fadtéarmach bunaithe faoin tuath, rud a ghin tuairim is €30 milliún in aghaidh na bliana don gheilleagar áitiúil.

Bhí ár mbonn talún ríthábhachtach maidir le forbairt na hearnála fuinnimh in-athnuaite, tar éis dúinn níos mó ná 30% de na feirmeacha gaoithe suiteáilte in Éirinn a chumasú mar sholáthraí talún agus mar fhorbróir araon.

Tháinig Coillte agus Bord Soláthair an Leictreachais(ESB) le chéile chun cuideachta fuinnimh in-athnuaite comhfhiontair a bhunú ar a dtugtar FuturEnergy Ireland. Is é aidhm FuturEnergy Ireland feirmeacha gaoithe den scoth a fhorbairt le tacaíocht ó phobail áitiúla, rud a chuirfidh ar chumas na hÉireann, agus a muintir, dul i ngleic le hathrú aeráide agus cur le maireachtáil níos inbhuanaithe.

Is é misean FuturEnergy Ireland acmhainneacht ár n-acmhainní uathúla gaoithe agus talún a uasmhéadú agus dlús a chur le hathrú na hÉireann go geilleagar ísealcharbóin fuinnimh. Cumasóidh sé seo freisin feabhas ar thaitneamhacht áitiúil, rannchuidiú le rátaí áitiúla, agus infheistíocht spriocdhírthe áitiúil trí chistí leasa pobail.

Ireland
FuturEnergy




Coillte Nature

I mí an Mheithimh 2019, bhunaigh Coillte an eagraíocht neamhbhrabúis, *Coillte Nature*, a fhéachann le réitigh shuntasacha aeráide agus dúlra a sheachadadh trí thionscadail nuálacha ar scála trí:

- Talamh a *fhoraoisiú* chun coillearnach dhúchasach nua a chruthú
- Gnáthóga tábhachtacha bithéagsúlachta a *athchóiriú*
- Foraoisí uirbeacha a *athbheochan*
- Seirbhísí ríthábhachtacha éiceachórais a *athshlánú*

Ó Eanáir 2020, tá obair ar bun ar thionscadail athchóirithe Nuamhaisiú Sléibhte Bhaile Átha Cliath, Coillearnacha Dúchasacha Lár Tíre, Portaigh Fhiáine san Iarthar agus Foraois na Collchoille.. Sheol Coillte Nature eintiteas nua Nature Partners CLG le déanaí a ligeann do chorparáidí tacú le bunú foraoisí nua. Leanfaidh Coillte Nature ar aghaidh ag cur comhoibríthe, comhpháirtíochtaí agus tionscadail nua i bhfeidhm chun leas an dúlra, na ndaoine agus ár n-aeráid.





Medite Smartply

Táirgeann MEDITE SMARTPLY painéil tógála adhmaid-bhunaithe a bhfuil innealtóireacht déanta orthu agus tá sé tiomanta do tháirgí a mhonarú a chuireann le réitigh tógála atá níos sláintiúla agus atá comhfhiosach don chomhshaol. Soláthraímid táirgí eisceachtúla le dintiúir inbhuanaitheachta den scoth, a léiríonn nuálaíocht gan sárú agus aithnítear iad as seirbhís do chustaiméirí atá chun tosaigh sa tionscal.

Tá an teicneolaíocht táirgthe is déanaí ag ár muilte déantúsaíochta i gCluain Meala (MEDITE) agus i bPort Láirge (SMARTPLY) chun painéil MDF agus OSB ardchaighdeáin a sheachadadh a fhreastalaíonn ar riachtanais éagsúla úsáideoirí, ó thoscán go struchtúir urláir, ar fud 20 tír. Bainimid úsáid as tanúchán foraoise péine agus sprúis nuafháis chomh maith le hiarmhair ó mhuilleoireacht sábhadóireachta agus tá ár gcuid táirgí go léir deimhnithe ag an FSC® agus PEFC™.

Trí thiomantas comhsheasmhach do thaighde, d'fhorbairt agus d'infheistíocht leanúnach i dteicneolaíocht, tá MEDITE agus SMARTPLY bunaithe againn mar bhrandaí tosaigh sa mhargadh painéil adhmaid trí raon leathan táirgí ardchaighdeáin agus nuálaíochtaí faoi stiúir an chustaiméara a thabhairt isteach mar cháilíocht bailchríoch, friotaíocht taise, moilliú lasair, machinability, marthanacht agus neart. Déanann sé seo táirgí MEDITE SMARTPLY mar mhalairt iontaofa ar ábhair thraidisiúnta agus an chatagóir roghnaithe do dhearthóirí agus do shonraitheoirí an lae inniu, ag tacú le laghdú carbóin le réitigh inbhuanaithe.

Inbhuanaitheacht

Is cuid lárnach dár ngnó í an inbhuanaitheacht. In 2021, chruthaigh Coillte foireann inbhuanaitheachta atá ag forbairt próiseas nua inbhuanaitheachta agus rialachais a bhaineann leis an aeráid a fhorbróidh agus a chuirfidh i bhfeidhm creat inbhuanaitheachta grúpa arna thacú ag spriocanna uailmhianacha. Mar chéad chéim sa phróiseas seo chláraigh Coillte leis an Tascfhórsa ar Nochtadh Airgeadais a Bhaineann leis an Aeráid (TCFD) agus ionchorpróidh sé nochtadh i dtuarascálacha bliantúla amach anseo. Cabhróidh sé seo le tuiscint níos fearr a fhorbairt ar rioscaí agus deiseanna airgeadais a bhaineann leis an aeráid agus sainaitheofar bealaí le dul in oiriúint don timpeallacht atá ag athrú. Tá measúnú iomlán á dhéanamh ag Coillte ar a hastuithe carbóin chomh maith, agus deimhniú ar ár dtiomantas laghdaithe carbóin tríd an tionscnamh Spriocanna Bunaithe ar an Eolaíocht (SBTi).



1990s

**Forbairt**

2000s

**Fás**

2010s

**Cobhsaíocht**

Todhchaí

**Buntáistí Iolracha**

Ár nAistear

Tá Coillte tar éis teacht chun cinn go seasta le linn a thurais chun a chinntiú go bhfuil sé ailínithe le deiseanna agus dúshláin atá ag teacht chun cinn, agus chun leanúint ar aghaidh ag seachadadh an iliomad buntáistí a bhaineann leis an bhforaoiseacht don tsochaí.

1990aí

Sna 1990aí, bhí Coillte, in éineacht leis an earnáil foraoiseachta, i gcéim forbartha mar gur chruthaigh sé foraoisí nua trí leibhéil shuntasacha foraoisithe agus gur sholáthair sé fostaíocht a raibh géarghá léi i gceantair thuaithe. Thógamar SMARTPLY freisin, ceann de na chéad mhonarchana OSB san Eoraip.

2000aí

Sna 2000aí, d'infheistigh Coillte i bhfás inbhuanaithe trí theicneolaíocht shaothrú adhmaid agus próiseála agus rinne siad éagsúlú ar an ngnó trí fhiontair nua a chruthú mar Fhuinneamh Gaoithe agus éadail MEDITE. Ghlac Coillte leis an mbainistíocht comhshaoil-is-fearr-sa-rang agus ghnóthaigh sé creidiúnú FSC® agus PEFC™.

2010aí

Le blianta beaga anuas tá Coillte ag leanúint do bheith ag tacú le bithgheilleagar bríomhar foraois-bhunaithe a fhorbairt agus freagairt ab ea é seo do méid a raibh an sochaí ag súil leis ón bhforaoiseacht trí infheistíocht a dhéanamh in áineas, bithéagsúlacht a fheabhsú agus a athchóiriú, agus ár rannchuidiú maidir le hathrú aeráide a mhaolú a mhéadú trínár dtáirgí adhmaid inbhuanaithe agus an fhorbairt ar fhuinnimh in-athnuaite.

Todhchaí

Tá Coillte tiomanta do leanúint ar aghaidh ag éabhlóidiú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an lae inniu trí thairbhí iolracha na foraoiseachta a sheachadadh. Tá Coillte ag iarraidh cothromaíocht a bhaint amach idir tairbhí iolracha ár bhforaoisí **aeráid, dúlra, adhmaid,** agus **daoine**. lena n-áireofar cosaint agus athshlánú an dúlra, táirgí adhmaid-bhunaithe inbhuanaithe a sholáthar, réitigh athraithe aeráide a sholáthar agus áiseanna áineasa a sholáthar do shláinte agus folláine daoine.


Ár dTodhchaí

Caithfidh ár n-eastát amach anseo cothromaíocht a bhaint amach idir na cuspóirí iolracha **aeráid, dúlra, adhmaid, agus daoine**. Tá go leor tuairimí éagsúla ann maidir le conas é seo a dhéanamh agus cad iad na gníomhaíochtaí ar chóir tosaíocht a thabhairt dóibh ar ár n-eastát agus cén áit. Mar sin ní mór do Choillte cur chuige a fhorbairt a chothromóidh na cuspóirí seo agus ag an am céanna a chinntiú go bhfanann an chuideachta inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de ionas gur féidir leis leanúint ar aghaidh ag ath-infheistiú i soláthar raon leathan seirbhísí don tsochaí.

I bhfianaise nádúr na foraoiseachta, agus scála ár n-uailmhianta, tarlóidh athruithe ar ár n-eastát agus ár bhfís á cur i bhfeidhm againn sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Tógfaidh sé blianta fada le fís iomlán eastát foraoise Choillte amach anseo a bhaint amach. Táimid aireach, áfach, gur gá bearta a dhéanamh sa ghearrthéarma chun sinn a chur ar an mbealach ceart chun ár bhfís a bhaint amach.

Ba chóir a thabhairt faoi deara, cé go bhfuil uailmhianta sainaitheanta againn sa doiciméad seo a dhéanfaidh fíor-athrú dearfach, **don aeráid, don dúlra, don adhmaid** agus **do dhaoine**, ní mór dár bpleananna éabhlóid leanúnach a dhéanamh chun cuntas a thabhairt ar thaighde agus anailís nua, agus chun deiseanna atá ag teacht chun cinn a éascú agus dúshláin.

Is pointe tosaigh í an fhís straitéiseach, atá mar chuid dár ráitis uailmhéine, agus ba mhaith linn anois do thuairimí a fháil chun cabhrú leis an bhfís seo a mhúnlú tuilleadh.



I bhfianaise nádúr na foraoiseachta, agus scála ár n-uailmhianta, tarlóidh athruithe ar ár n-eastát agus ár bhfís á cur i bhfeidhm againn sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Tógfaidh sé blianta fada le fís iomlán eastát foraoise Choillte amach anseo a bhaint amach. Táimid aireach, áfach, gur gá bearta a dhéanamh sa ghearrthéarma chun sinn a chur ar an mbealach ceart chun ár bhfís a bhaint amach.

An Gá atá le hAthrú



An Gá atá le hAthrú

An Timpeallacht ag Athrú

Tá an domhan ina mairimid ag athrú. In 2019, d'fhógair Éire, Parlaimint na hEorpa, agus go leor tíortha ó shin i leith, éigeandáil aeráide. Tá éileamh méadaitheach ar ár bhforaoisí chun níos mó a sholáthar, maidir le cabhrú le dul i ngleic leis na dúshlán aeráide agus bithéagsúlachta agus maidir le táirgí adhmaid inbhuanaithe a sholáthar chun cabhrú lenár n-éilimh tithíochta a shásamh. Tá sé feicthe againn freisin le linn na srianta Covid-19 le déanaí a thábhachtaí atá ár bhforaoisí do dhaoine cuairt a thabhairt orthu agus taitneamh a bhaint astu, rud a thugann go leor buntáistí sláinte agus folláine. Agus ár bhfís don toghchán á leagan amach againn, rinneamar scrúdú ar na príomhchúiseanna le hathruithe san fhóraoiseacht.

Dúshlán an Athraithe Aeráide	Dúshlán na Tithíochta	An Gá atá le Poist Tuath-Bhunaithe	Téarnamh Geilleagrach Iar-Covid
<p>Téamh domhanda ó Astaíochtaí CO₂</p> <p>De dheasca athrú aeráide tá imeachtaí aimsire níos tromchúisí ag tarlú níos minicí. Ní mór dúinn ár n-astuithe a laghdú agus teacht ar réitigh chun neodracht a bhaint amach. Ní mór dúinn níos mó crann a chur agus foraoisí nua a chruthú.²</p>	<p>Géarchéim tithíochta na hÉireann</p> <p>Meastar go mbeidh 33,000 teach nua ar an meán ag teastáil ó Éirinn le cur ar fáil gach bliain ó 2021 go 2030. Ní mór dúinn níos mó adhmaid dúchasach a úsáid i dtithe fráma adhmaid chun tacú leis an iarracht neodracht ó thaobh fuinnimh a bhaint amach agus aghaidh á thabhairt ar an ngéarchéim tithíochta.³</p>	<p>Tá cruthú post tuaithe amach anseo ríthábhachtach do pobail áitiúla</p> <p>Tá gá le poist luachmhara agus inbhuanaithe a sholáthar faoin tuath in Éirinn chun tacú le pobail áitiúla. Tacaíonn an earnáil le 9,000 duine i bpoist dhíreacha 'theicneolaíochta ghlais' agus méadóidh an earnáil go mór go luath amach anseo.⁴</p>	<p>Is príomhdhúshlán náisiúnta é an Téarnamh Geilleagrach tar éis Covid</p> <p>Bhí tionchar gan fasach ag Covid-19 ar ár ngeilleagar. Tá ceithre chrann taca ag an bplean téarnaimh: Airgeadas Inbhuanaithe, Filleadh ar Obair, Atógáil Fiontair agus Téarnamh Comhardaithe.⁵</p>
Dúshlán na Bithéagsúlachta	Clár Rialtais	Ceisteanna Folláine & Sláinte	'Aistriú Cóir' go Neodracht Charbóin
<p>Tá an dúlra i ngach áit ag meath ar luas nach bhfacthas riamh roimhe</p> <p>Is í Fís na hÉireann ná go gcaomhnaítear agus go n-athshlánaítear bithéagsúlacht agus éiceachórais, ag seachadadh tairbhí atá riachtanach do gach earnáil den tsochaí agus go rannchuidíonn Éire le hiarrachtaí stop a chur le caillteanas na bithéagsúlachta agus le díghrádú na n-éiceachóras san AE agus go domhanda.⁶</p>	<p>Tá an Clár don Rialtas ag tabhairt aghaidh ar riachtanais ríthábhachtacha na sochaí</p> <p>Tá straitéisí, beartais agus cláir á gceapadh go gníomhach chun iarracht a dhéanamh aghaidh a thabhairt ar na dúshlán dhomhanda, réigiúnacha agus náisiúnta le tosaíochtaí polaitiúla a bhaineann le hathrú aeráide, bithéagsúlacht, an geilleagar agus poist, agus sláinte agus folláine daoine.⁷</p>	<p>Tá méadú ag teacht ar bhreiteacht ainsealach agus ar iompraíochtaí stíl mhaireachtála a mbíonn tionchar diúltach acu ar shláinte</p> <p>Is í an Fhís don chreat náisiúnta 'Éire Shláintiúil' ná áit ar féidir le gach duine taitneamh a bhaint as sláinte agus folláine coirp agus meabhrach go lánacmhainneacht, áit a bhfuil luach agus tacaíocht á thabhairt don fholláine ag gach leibhéal den tsochaí agus ina bhfuil gach duine freagrach.⁸</p>	<p>Caitheadh an tAistriú Cóir a bheith cothrom, agus próisis agus torthaí cuimsitheacha a bheith aige</p> <p>Áirítear le príomhphrionsabail an aistrithe chóir a chinntiú go bhfuil an struchtúr trasdula ceart ag daoine, go bhforbraítear na scileanna cearta, go bhfuil tionchar costais cothrom agus go mbíonn pobail rannpháirteach mar chroílár an aistrithe.⁹</p>

Cruthaíonn an domhan atá ag athrú go leor dúshlán le tabhairt fúthu agus deiseanna chun dul chun cinn a dhéanamh. I gCoillte, tá na dúshlán agus na deiseanna curtha san áireamh againn go cúramach agus d'oibríomar le tuiscint níos fearr a fháil ar an mbealach is fearr is féidir linn cur leis. Ina leith seo tá sé tábhachtach freisin go dtuigimid riachtanais agus ionchais na sochaí agus an chaoi a bhfuil siad ag athrú.

Ionchas an tSochaí don Fhoraoiseacht


Choimisiúnaigh Coillte vótaíocht RED C* chun tuiscint níos fearr a fháil ar ionchais an phobail i leith na foraoiseachta. Is príomhábhair inní iad athrú aeráide agus bithéagsúlacht do mhuintir na hÉireann, a mheasann freisin go bhfuil ról tábhachtach ag an bhforaoiseacht agus ag Coillte go heacnamaíoch, go sóisialta agus ó thaobh na timpeallachta.



85% a deir go bhfuil siad **buartha faoi Téamh Domhanda**



85% a deir go **dteastaíonn níos mó crainn** in Éirinn, idir leathanduilleach agus buaircíneach



86% a mheasann gur **gur rud maith foraoisí a sholáthraíonn adhmaid**




82% a chreideann go bhfuil **tábhacht leis an mbithéagsúlacht** do thodhchaí na hÉireann

56% a chreideann go bhfuil sé **an-tábhachtach**



82% a chreideann go bhfuil an **Fhoraoiseacht tábhachtach** do gheilleagar na hÉireann



84% a mheasann go bhfuil **go bhfuil ról ag Coillte cabhrú le hÉirinn a cuid gealltanais athraithe aeráide a bhaint amach**

Fuarthas amach sa suirbhé go bhfuil dearcadh an-dearfach ag daoine i leith na foraoiseachta agus go dtuigeann siad na buntáistí iolracha atá le tairiscint ag foraoisí. Léirigh sé freisin go dtacaíonn tuairimí an phobail lenár dtuairimí faoin ngá atá le hathrú, agus creideann formhór na bhfreagróirí: Tá ról ag Coillte maidir le gealltanais ghníomhaíochta aeráide na hÉireann a chomhlíonadh; tá an bithéagsúlacht tábhachtach do thodhchaí na hÉireann; is eanáil thábhachtach í an fhoraoiseacht i ngeilleagar na hÉireann; agus go bhfuil tábhacht le foraoisí a tháirgeann adhmaid. Is casta agus dúshlánach é seachadadh ar shochair iolracha agus ionchais shochoaíochta. Chun na riachtanais seo a chomhlíonadh, tá cur chuige freagrach, faoi stiúir na heolaíochta, a thugann cuntas ar riachtanais mhuintir na hÉireann aitheanta agus glactha againn.

Ár gCur Chuige




Ár gCur Chuige

Na Crainn Chearta san Áit Cheart don Chuspóir Ceart

Agus foraoiseacht agus luachanna foraoise á mbreithniú díriodh go leor ar na ‘crainn chearta’, a bhaineann leis an gcineál crann agus conas a dhéantar é a bhainistiú. Mar sin féin, sular féidir linn measúnú a dhéanamh ar cad iad na ‘crainn chearta’, tá sé níos tábhachtaí a thuiscint cad é an ‘cuspóir ceart’, a bhaineann leis an gcúis leis an gcrann a chur nó leis an toradh inmhianaithe.

Agus sinn ag iarraidh fís straitéiseach chothromaithe a fhorbairt don fhoraoiseacht agus d’úsáid talún, ba é an cur chuige a glacadh ná **an cuspóir ceart**, a mheas ar dtús, ansin an suíomh is oiriúnaí a chinneadh chun an cuspóir a sheachadadh, **an áit cheart**, agus ansin an cineál foraoise is fearr. agus bainistíocht, **na crainn chearta**, chun na cuspóirí seo a bhaint amach ar an mbealach is fearr. Aithnítear freisin go bhfuil taipéis shaibhir gnáthóg in eastát Choillte (foraoisí, spás oscailte, tailte móna & uisce) agus mar sin, i gcásanna áirithe, b’fhéidir nach crann ar bith an cur chuige ceart do ghnáthóg ar leith.



Soláthraíonn Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe¹⁰ ar ghlac Ballstáit uile na Náisiún Aontaithe leis in 2015, *treoirphlean comhroinnte don tsíocháin agus don rathúnas do dhaoine agus don phláinéid*, anois agus amach anseo. Ag a chroí tá na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna), ar glao práinneach iad ar ghníomhaíocht ó gach tír i gcomhpháirtíocht dhomhanda.

Sainaithníodh na cuspóirí foraoise a úsáideadh chun an fhís straitéiseach seo a chruthú trí na tairbhí agus na luachanna a thagann as ár bhforaoisí agus ár dtáirgí foraoise a mheas agus a thuiscint ar dtús agus conas a thacaíonn na luachanna sin le baint amach SDGanna na NA.

Na Cuspóirí Cearta a Aithint: Luachanna Iolracha Foraoisí

Chun ár gcuspóirí foraoise a shainnithint, baineadh úsáid as SDGanna na NA mar chreat chun buntáistí iolracha na foraoiseachta a mheas. Meastar go seachadann an fhoraoiseacht luachanna agus tairbhí iolracha a thacaíonn le 9 gcinn de na 17 UNSDGanna lena n-áirítear gníomhaíocht ar son na haeráide agus fuinneamh glan, dea-shláinte agus folláine, beatha ar thalamh, chomh maith le fás eacnamaíoch a sholáthar trí tháirgí adhmaid nuálacha agus inbhuanaithe a tháirgeadh.



SPRIOCANNA NA NA		LUACHANNA FORAOISE		CUSPÓIRÍ
 <p>3 GOOD HEALTH AND WELL-BEING</p>	Dea-Shláinte & Folláine		Maolú Athrú Aeráide Súnna agus gabhann crainn dé-ocsaíd charbóin agus táirgeann ocsaigín. Stóráilann táirgí adhmaid carbóin i bhfoirgnimh agus troscán.	 <p>Foraoisí don aeráid</p>
 <p>6 CLEAN WATER AND SANITATION</p>	Uisce Glan & Sláintíocht		Cosaint Uisce & Ithir Rialaíonn crainn uisce tuille, ag laghdú rith chun srutha ar dhromchla, bruacha abhann a chobhsú agus laghdaíonn ar chreimeadh ithreach.	 <p>Foraoisí don dúlra</p>
 <p>7 AFFORDABLE AND CLEAN ENERGY</p>	Fuinneamh Inacmhainne & Glan		Gnáthóga Dúlra & Fíadhúlra Tacaíonn foraoisí agus coillearnacha le raon leathan de phlandaí, ainmhithe, miocroorgánaigh agus cuireann gnáthóga ar fáil do phailneoirí.	 <p>Foraoisí don adhmaid</p>
 <p>8 DECENT WORK AND ECONOMIC GROWTH</p>	Obair & Fás Eacnamaíoch		Táirgí Inbhuanaithe Soláthraíonn adhmaid ábhair inbhuanaithe tógála, déantúsaíochta agus táirgí fuinnimh ar féidir a úsáid seachas ábhair diancharbóin.	 <p>Foraoisí do dhaoine</p>
 <p>9 INDUSTRY, INNOVATION AND INFRASTRUCTURE</p>	Nuálaíocht & Bonneagar		Sláinte & Folláine Tá tionchar tairbheach cruthaithe ag crainn, coillearnacha, agus spásanna glasa ar shláinte mheabhrach daoine agus sláinte fhisiciúil.	
 <p>11 SUSTAINABLE CITIES AND COMMUNITIES</p>	Tógáil Inbhuanaithe		Geilleagar Tuaithe & Poist Cuireann foraoisí, táirgí foraoise agus táirgí agus seirbhísí a bhaineann le foraoisí raon leathan fostaíochta ar fáil i gceantair tuaithe.	
 <p>12 RESPONSIBLE CONSUMPTION AND PRODUCTION</p>	Tomhaltas & Táirgeadh			
 <p>13 CLIMATE ACTION</p>	Gníomhú ar son na hAeráide			
 <p>15 LIFE ON LAND</p>	Saol ar Talamh			

Is féidir achoimre a dhéanamh ar na tairbhí iolracha a eascraíonn as ár bhforaoisí agus ár ngníomhaíochtaí foraoise le ceithre phríomhchuspóir - Foraoisí don **Aeráid**, Foraoisí don **dúlra**, Foraoisí don **adhmaid** agus Foraoisí do **dhaoine**.

Ag obair le saineolaithe inmheánacha agus seachtracha, rinneamar anailís ar na sonraí is fearr a bhí ar fáil agus d'úsáideamar ardteicnícíochtaí samhaltaithe chun a chinneadh cad é an áit cheart agus na crainn chearta, dar linn, chun na cuspóirí foraoise seo a sheachadadh.

An Áit Cheart agus Na Crainn Chearta

Tar éis na príomhchuspóirí seo a leanas a shainithint, mar atá **aeráid, an dúlra, an t-adhmad** agus **daoine**, ní mór dúinn machnamh a dhéanamh ar an áit cheart agus ar na crainn chearta chun na cuspóirí seo a bhaint amach ar an mbealach is fearr.


Seo é ár gcur chuige maidir le gach ceann de na príomhchuspóirí:

Foraoisí *don aeráid*

Ba é an cur chuige a bhí againn maidir le foraoisí ar son na haeráide ná measúnú a dhéanamh ar an eastát maidir lena acmhainneacht chun carbón a sileadh agus a stóráil sna foraoisí agus in ithreacha, agus an cumas atá ann táirgí adhmaid a chur in ionad táirgí atá dian ar charbón.

Tá sé an-chasta tuiscint a fháil ar aeráid agus ar chumas maolaithe an athraithe aeráide atá inár bhforaoisí. Táimid tar éis comhoibriú le príomh-shaineolaithe aeráide, carbóin agus ithreacha chun próifíl charbóin ár n-eastát a thuiscint, lena n-áirítear foraoiseacht tailte móna, agus tá samhla carbóin agus fás crann forbartha againn chun bearta maolaithe carbóin a shainithint.

D'fhéachamar le tuiscint a fháil ar na buntáistí a bhaineann le hadhmad maidir le táirgí tromcharbóin a ionadú agus a dhíláithriú, chomh maith leis an acmhainneacht leithlisithe carbóin a bhaineann le foraoisí nua a chruthú.



Foraoisí *don dúlra*

Ba é an cur chuige a bhí againn maidir le foraoisí don dúlra oibriú lenár saineolaithe éiceolaíochta, hidreolaíochta agus foraoiseachta chun limistéir dár n-eastát a bhfuil luach bithéagsúlachta reatha acu a aithint agus roghanna a aithint chun an luach bithéagsúlachta sna ceantair seo a chosaint, a fheabhsú agus a athchóiriú, chomh maith leis an limistéar a leathnú. den eastát a bhainistítear don bithéagsúlacht go príomha. Chuimsigh an anailís seo freisin limistéir oidhreachta dár n-eastát a aithint inar féidir linn gnáthóga nua a chruthú go fadtéarmach agus athléimneacht ár bhforaoisí a mhéadú trí chlár athdhearaithe agus éagsúlú.



Foraoisí *don adhmad*

Ba é an cur chuige a bhí againn maidir le foraoisí le haghaidh adhmaid ná úsáid a bhaint as ár saineolas réamhaisnéise straitéiseach intí, in éineacht lenár bhfardal fairsinge foraoise agus uirlisí barrfheabhsaithe pleanála adhmaid chun soláthar inbhuanaithe fadtéarmach de lomáin agus táirgí adhmaid in-athnuaite a chinntiú chun tacú leis an mbithgheilleagar agus é a fhás. Rinneamar measúnú freisin ar an gcumas atá ann úsáid níos mó as adhmad a chur chun cinn agus táirgí adhmaid nuálacha nua a chruthú.



Foraoisí *do dhaoine*

Ba é an cur chuige a bhí againn maidir le foraoisí do dhaoine ná ár saineolas pleanála áineasa agus úsáide talún a ghairiúil, ár n-eolas ar fhoraoiseoirí atá bunaithe go háitiúil, chomh maith le huirlisí geospásúla chun limistéir den eastát foraoise a shainithint chun buntáistí breise áineasa lasmuigh a sheachadadh agus taitneamhachtaí luachmhara a sholáthar do phobail.



Cothromaíocht idir na Cuspóirí Iolracha

Tá nasc intreach idir na ceithre chuspóir foraoise, mar atá go leor de na tairbhí féideartha. Is féidir le foraoisí na cuspóirí iolracha a bhaineann le **haeráid**, **nádúr**, **adhmad** agus **daoine** a sheachadadh agus tá an cumas acu raon leathan tairbhí eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta a sholáthar. Mar sin féin, tá sé tábhachtach a admháil go bhféadfadh comhbhabhtáil le cuspóirí eile a bheith mar thoradh ar chuspóir amháin a uasmhéadú. D'fhéadfadh sé nach mbeadh sé réadúil nó cúí freisin gach cuspóir foraoise a sheachadadh go cothrom i ngach suíomh foraoise. Ina theannta sin, cé go bhféadfadh príomhchuspóir amháin a bheith ann, is é sin cuspóir a dtugtar tosaíocht dó i bhforaois, ní chuireann sé bac ar an bhforaois cuspóirí breise eile a bhaint amach. Rinne ár gcur chuige iarracht cuspóirí foraoise a chothromú ag leibhéal foriomlán an eastáit.

Mar gheall ar shaolré na foraoise atá ag síorathrú agus éilimh agus ionchais na sochaí ag síorathrú, féadann cuspóirí foraoise a bheith comhlántach ag amanna agus ag amanna eile féadann siad teacht salach ar a bhfuil gá le 'comhbhabhtáil' chun an chothromaíocht is fearr a bhaint amach.

Is iad na haidhmeanna foriomlána maidir le fís straitéiseach chothromaithe a fhorbairt ná:


- A chinntiú go gcuirtear bearta maolaithe aeráide foraoise i bhfeidhm ar fud an eastáit chun an stór carbóin a chothabháil, chun baint carbóin a mhéadú, agus táirgí adhmaid inbhuanaithe a chur in ionad táirgí atá dian ar charbón.
- An bhitheagsúlacht atá ann cheana féin ar fud an eastáit a chosaint agus a fheabhsú, agus ag an am céanna limistéir bhreise a shainiú a bhainisteofaí le haghaidh bithéagsúlachta sa todhchaí.
- Soláthar inbhuanaithe adhmaid deimhnithe Éireannach a choinneáil chun freastal ar thionscal na dtáirgí adhmaid in Éirinn agus chun freastal ar an éileamh méadaitheach ar thithíocht agus ar tháirgí adhmaid inbhuanaithe.
- An tairiscint áineasa ar fud an eastáit a fheabhsú agus a mhéadú, le béim ar leith ar fhoraoisí pobalbhuanaithe.

Tá inbhuanaitheacht airgeadais agus earnáil adhmaid agus adhmaid atá láidir agus inbhuanaithe go heacnamaíoch ríthábhachtach chun tairbhí iolracha na bhforaoisí a sheachadadh.



I gcás gach ceann de príomhchuspóirí na bhforaoisí **don aeráid**, **don dúlra**, **don adhmaid** agus **do dhaoine**, cuirtear achoimre ar na príomhnithe atá foghlamtha, breithnithe agus deiseanna féideartha i láthair sna hailt seo a leanas.

Foraoisí don Aeráid



Foraoisí don Aeráid

Tá Coillte tiomanta go hiomlán do thacú le seachadadh Phlean Gníomhaíochta Aeráide na hÉireann agus tá raon de bhearta maolaithe atá cliste ó thaobh na haeráide sainaitheanta againn ar féidir a chur i bhfeidhm ar fud an eastáit foraoiseachta chun baint CO₂ ón atmaisféar a mhéadú agus chun stór carbóin inár n-eastát a fheabhsú.

Aithnímid freisin na rioscaí a bhaineann le hathrú aeráide dár n-eastát foraoise i dtéarmaí oiriúnachta speiceas, táirgiúlacht, agus bagairtí aibitheacha agus bitheacha amhail galair agus dóiteán. Mar thoradh air sin, oibreoimid chun tuiscint níos fearr a fháil ar conas is féidir linn ár n-eastát a bhainistiú agus a éagsúlú chun a chinntiú go bhfuil ár bhforaoisí athléimneach agus gur féidir leo oiriúnú don aeráid atá ag athrú.

Foghlama agus Breithnithe


Tá measúnú déanta againn ar ár n-eastát i dtéarmaí a chumas chun níos mó carbóin a **SHLOGADH**, a **STÓRÁIL** agus a **MHALARTÚ** inár bhforaoisí agus inár dtáirgí adhmaid.

Slogadh Baineann foraoisí dé-ocsaíd charbóin (CO₂) as an atmaisféar de réir mar a fhásann na crainn.

Stóráil Stóráilann foraoisí carbón i mbithmhais an adhmaid, in ithir na bhforaoisí, agus i dtáirgí adhmaid.


